# MÚSCRAÍ GLAS
## Tograí faoi chlár Mhúscraí Glas

Tá clár oibre Mhúscraí Glas ag iarraidh tacú le saol inbhuanaithe i nGaeltacht Mhúscraí, chun pobail bheoga, láidre agus acmhainneacha a fhorbairt, bunaithe ar ár gceangail ar leith idir teanga, talamh agus tírdhreach.

Creidimid gurb é an cur chuige seo an bealach is fearr chun cruthaitheacht a chothú agus an athléimneacht is gá a thógáil chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh cheantair thuaithe, agus go háirithe ceantair Ghaeltachta.

Is cur chuige ón mbun aníos é seo, a fhreagraíonn do riachtanais a aithnítear trí phleananna gníomhaíochta praiticiúla. Tá trí phlean gníomhaíochta comhtháite i bhfeidhm:

- **Tacú le feirmeoirí orgánacha agus le tairgeoirí eile sa cheantar.**
- **Cur le straitéis bhídh an cheantair, agus bheith lárnach i straitéis bhídh nua an DEDP d'Iarthar Chorcaí agus do Ghaeltacht Mhúscraí. Tá tosaíocht agus plean gníomhaíochta nua ag an DEDP chun Iarthar Chorcaí, Néidín agus Gaeltacht Mhúscraí a fhorbairt mar Gastronomic Capital of Ireland.**
- **Gníomhú ar son an athraithe aeráide agus cosc a chur ar dhramhaíl bia.**

## Tacú le feirmeoirí orgánacha agus le tairgeoirí eile sa cheantar

De réir Dhaonáireamh 2022, tháinig laghdú 17% ar líon na bhfeirmeoirí i Limistéar Mhúscraí ó 2016. Mura dtugtar aire don ghlúin seo, ní bheidh an chéad ghlúin eile ann.

Tá clár EIP (European Innovation Partnerships) á chur i bhfeidhm ag an gComharchumann, le maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, chun tacú le feirmeoirí sléibhe. Is é atá i gceist ná slabhra soláthair níos giorra a chruthú, agus níos mó uaineola orgánaí a choinneáil sa mhargadh orgánach.

Is tionscnamh faoi stiúir na bhfeirmeoirí é an EIP, agus tá deichniúr feirmeoirí ar choiste eagrúcháin an Meitheal Orgánach agus bíonn siad ag roinnt eolais le feirmeoirí orgánacha eile sa cheantar chomh maith.

Tá an bhéim ar uain ó fheirmeacha sléibhe a bheathú ar bhealach inbhuanaithe. Tá an maoiniú dírithe ar tháirgeacht féaraigh a thástáil chun uain a chothú gan an spleáchas céanna ar chnónna.

Tá na feirmeoirí ag iarraidh éileamh áitiúil agus níos leithne a fhorbairt mar chuid de Phlean Inbhuanaithe Ghaeltacht Mhúscraí. Tá réamhobair idir lámha cheana féin. Rinneadh tástáil loighistice i mí Bealtaine, ón bhfeirm go dtí an forc, agus reáchtáladh scéim phíolótach eile san fhómhar — d'éirigh go han-mhaith leo.

Beidh na chéad chéimeanna eile dírithe ar:

- Oiliúint i mbúistéireacht cheardaíochta
- Nascadh le grúpaí orgánacha eile
- Margaíocht a fhorbairt
- An tairiscint a chur chun cinn go gníomhach.

---

## Straitéis bhídh agus turasóireacht bhídh

Tá plean gníomhaíochta ag an Oifigeach Turasóireachta, fostaithe ag an gComharchumann, chun turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn sa cheantar. Mar chuid de seo, beidh béim ar eispéiris bhídh a fhorbairt agus ar tháirgí bídh agus dí áitiúla a chur os comhair an phobail.

Oibreoidh an té seo i ndlúthchomhar leis an Oifigeach Inbhuanaithe ar na tionscadail seo.

Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an DEDP (Destination Experience Development Plan) go mbeadh Iarthar Chorcaí, Néidín agus Gaeltacht Mhúscraí mar Gastronomic Capital of Ireland. Seoladh polasaí nua bia agus dí faoin DEDP i mí an Mheithimh 2025.

Tá Gaeltacht Mhúscraí ag iarraidh na tairgí bídh atá ann cheana a neartú agus eispéiris bhídh ar leith a chruthú. Tá gnólachtaí bia agus dí ag feidhmiú sa cheantar cheana féin ar féidir tógáil orthu.

---

## Gníomhú ar son an athraithe aeráide agus cosc ar dhramhaíl bia

Aithníodh Maigh Chromtha in 2024 mar an chéad Limistéar Dícharbónaithe i gContae Chorcaí.

Tá obair ar bun chun Treoirlínte na bhFéilte Glasa (2025) ón gComhairle Contae a chur i bhfeidhm sa cheantar. Rinneadh comhoibriú leis an Seó Talmhaíochta i mBaile Mhúirne agus le Féile na Laoch chun córas athchúrsála a chur ar bun.

Tá sé mar aidhm an tseirbhís seo a chur ar fáil ag feilte éagsúla sa cheantar. Beidh thart ar 10 bhféile ar an bhféilire i nGaeltacht Mhúscraí amháin in 2026.

Tá an obair seo mar chuid den Phlean Inbhuanaithe, agus tá Plean Bainistíochta Dramhaíola ullmhaithe cheana féin, le maoiniú ón Community Foundation.

Tá gnólachtaí cuí i nGteic agus sa cheantar a bheidh in ann páirt a ghlacadh, agus tá sé beartaithe láithreán taispeána a fhorbairt maidir le muirniú, slándáil bia, buan talmaíochta, NZEB, agus araile.

---

## Príomhspriocanna an togra

- Saol inbhuanaithe a chur chun cinn — pobail athléimneacha a oireann don athrú aeráide agus do dhúshláin dhomhanda nua
- Deiseanna nua a fhorbairt do thairgeoirí bídh, le córas éifeachtach feidhmiúil
- Eispéiris bhídh a chruthú chun ioncam áitiúil a mhéadú

- Slándáil bia agus geilleagar ciorclach a fhorbairt, ag tacú le gnólachtaí áitiúla agus le polasaithe glasa

**Beidh an Ghaeilge lárnach sa chur chuige seo.**
**Tá tábhacht ag baint le focail, tá tábhacht leis na scéalta a mhaireann muid leo, agus tá tábhacht lenár mothú ceangail lenár dtimpeallacht. Tá an Ghaeilge, an oidhreacht, na hamhráin agus na scéalta ceangailte go dlúth lenár dtimpeallacht. Is riachtanas é na naisc seo a neartú i gcomhthéacs inbhuanaitheachta.**

**CUR SÍOS POIST**
**Oifigeach Inbhuanaithe**

Tá duine cumasach á lorg ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí chun freastal ar riachtanais agus ar fhéidearthachtaí phobal Ghaeltacht Mhúscraí faoi chlár Mhúscraí Glas. Is é aidhm an chláir seo saol inbhuanaithe a neartú sa Ghaeltacht.

**Príomhdhualgais**:

- Tionscadail na Meithle Orgánaí a chomhordú
- Cláir oiliúna agus seisiúin eolais a eagrú
- Meáin shóisialta Mhúscraí Glas a fhorbairt agus a bhainistiú
- Feasacht a ardú ar an gclár trí chur i láthair do ghrúpaí agus do ghnólachtaí áitiúla
- Líonraí agus ceangail a chothú le geallsealbhóirí i mbia, i ngeilleagar ciorclach agus in athrú aeráide

**Tréithe riachtanacha**:

- Cáilíocht ábhartha (ar a laghad Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, laistigh de 4 bliana), mar chuid de Scéim na gCéimithe de chuid Údarás na Gaeltachta
- Tuiscint mhaith ar fhorbairt inbhuanaithe
- Scileanna cumarsáide láidre i nGaeilge agus i mBéarla, idir scríofa agus labhartha
- Cumas obair a eagrú agus tosaíochtaí a bhainistiú go héifeachtach
- Taithí ar úsáid ghairmiúil na meán sóisialta

Is post lánaimseartha é seo, agus beidh roinnt uaireanta le déanamh taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Beidh an post lonnaithe i nGteic, Béal Átha an Ghaorthaidh.

Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí ar chonradh dhá bhliain.

Tuarastal: €30,000–€35,000 sa bhliain, ag brath ar thaithí